*Uimhir* 12 *de* 2024

# An tAcht um Imeachtaí Cúirte (Moilleanna), 2024

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 12 *de* 2024

# AN tACHT UM IMEACHTAÍ CÚIRTE (MOILLEANNA), 2024

[*An tiontú oifigiúil*]

## CLÁR AN ÁBHAIR

## CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta


Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme

2. Léiriú

3. Rialacháin

4. Caiteachais


## CUID 2

### An Príomh-mheasúnóir agus Measúnóirí a Cheapadh


5. An Príomh-Mheasúnóir agus Measúnóirí a cheapadh

6. Téarma ceapacháin Measúnóirí

7. Measúnóir d’éirí as oifig, a chur as oifig, a dhícháiliú chun oifig a shealbhú, a bheith neamh-incháilithe le haghaidh oifige

8. Dliteanas Measúnóirí

9. Oifigigh shainainmnithe

10. Feidhmeanna an Phríomh-Mheasúnóra


## CUID 3

### An Ceart go nDéanfar Imeachtaí a Thabhairt chun Críche Laistigh de Thréimhse Ama Réasúnach


11. An ceart go ndéanfar imeachtaí a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach

CUID 4

Measúnacht, Measúnacht a Ghlacadh, Údaruithe, etc.

12. Iarratas ar mheasúnacht i ndáil le sárú ar an gceart go ndéanfar imeachtaí a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach

13. Iarratas ar mheasúnacht a shannadh

14. An t-iarratasóir do tharraingt siar iarratas ar mheasúnacht

15. Faisnéis bhreise a sholáthar don Mheasúnóir agus measúnacht a chur siar agus a scor

16. Cumhacht an Mheasúnóra chun a cheangal ar thríú páirtithe faisnéis a sholáthar

17. Measúnacht a dhéanamh

18. Cóip den mheasúnacht a sholáthar don iarratasóir agus don Aire

19. Neamhghlacadh measta, glacadh measta le measúnacht

20. Iarratas faoi alt 24 chun bheith údaraithe mura nglacfar le measúnacht

21. Imthosca ina dtiocfaidh measúnacht chun bheith ina ceangal

22. Cúiteamh a íoc i gcás measúnacht a bheith tagtha chun bheith ina ceangal

23. Costais an iarratasóra i leith iarratas ar mheasúnacht a dhéanamh

CUID 5

Iarratas chun na Cúirte Cuarda ar Scór Údaraithe

24. Iarratas chun na Cúirte Cuarda

25. Ní dochar don iarratasóir ná don Aire glacadh nó glacadh measta measúnachta

26. Measúnacht a bheith neamh-inghlactha i bhfianaise

27. Achomharc

28. Costais in iarratas faoi alt 24 i gcás nach nglacfaidh an t-iarratasóir le measúnacht

29. Na costais a bhainfidh le hiarratas ar mheasúnacht

30. Cúiteamh a íoc

CUID 6

Ilghnéitheach

31. Duine atá ag gníomhú thar ceann iarratasóra

32. Feidhmeanna Measúnóra agus feidhmeanna breithiúnacha

33. Ní bheidh aon dliteanas ann ar thaobh an bhreithimh nó na cúirte as sárú ar cheart faoi alt 11(1)

34. Urchosc ar imeachtaí i leith cúiteamh breise

35. Sonraí pearsanta agus earnálacha speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil

36. Gan aon nochtadh a dhéanamh ar fhorais a bhaineann le pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil

37. Forálacha idirthréimhseacha

## Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023 (Uimh. 18)

An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 (Uimh. 7)

An tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003 (Uimh. 20)

An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 (Uimh. 2)

An tAcht Léiriúcháin, 2005 (Uimh. 23)

An tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Uimh. 65)

An tAcht Aturnaethe, 1954 (Uimh. 36)

*Uimhir* 12 *de* 2024

**AN tACHT UM IMEACHTAÍ CÚIRTE (MOILLEANNA), 2024**

[*An tiontú oifigiúil*]

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le ceart daoine is páirtithe in imeachtaí, i gcás nach mbeidh na himeachtaí sin tugtha chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach, dearbhú ar an méid sin a lorg agus, i gcásanna áirithe, cúiteamh a lorg agus, chun na críche sin, do dhéanamh socrú maidir leis na daoine sin do dhéanamh iarratais ar dhearbhú agus ar chúiteamh den sórt sin agus maidir le Príomh-Mheasúnóir Moilleanna Cúirte agus Measúnóirí Moilleanna Cúirte a cheapadh chun na hiarratais sin a mheasúnú; do dhéanamh socrú maidir le hiarratas a dhéanamh, in imthosca áirithe, chun na Cúirte Cuarda ar dhearbhú agus ar chúiteamh den sórt sin; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [1 *Bealtaine* 2024]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

## CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta

**Gearrtheideal agus tosach feidhme**

**1.** (1) Féadfar an tAcht um Imeachtaí Cúirte (Moilleanna), 2024 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

**Léiriú**

**2.** (1) San Acht seo—

ciallaíonn ‘Acht 2015’ an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015;

ciallaíonn “Acht 2018” an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018;

ciallaíonn "iarratasóir", seachas sa mhíniú ar "páirtí" agus i *gCuid 5*, duine a dhéanfaidh iarratas ar mheasúnacht de réir *alt 12* agus, i gcás go gceadaíonn an comhthéacs é, folaíonn sé duine údaraithe;

ciallaíonn "measúnacht" measúnacht arna déanamh faoi *alt 17*;

forléireofar "iarratas ar mheasúnacht" de réir *alt 12*;

tá le "Measúnóir" an bhrí a shanntar dó le *halt 5*;

ciallaíonn "údarú", i ndáil le hiarratasóir, údarú arna eisiúint faoi *alt 20*;

tá le "duine údaraithe" an bhrí a shanntar dó le *halt 31(4)*;

tá le "Príomh-Mheasúnóir" an bhrí a shanntar dó le *halt 5*;

ciallaíonn "Coinbhinsiún" an Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint a rinneadh sa Róimh an 4ú lá de Shamhain 1950, arna leasú le—

(a) Prótacal Uimh. 11 arna dhéanamh i Strasbourg an 11ú lá de Bhealtaine 1994,

(b) Prótacal Uimh. 14 arna dhéanamh i Strasbourg an 13ú lá de Bhealtaine 2004, agus

(c) Prótacal Uimh. 15 arna dhéanamh i Strasbourg an 24ú lá de Mheitheamh 2013;

ciallaíonn "imeachtaí coiriúla" imeachtaí in aghaidh duine i leith ciona agus folaíonn sé aon imeachtaí achomhairc a bhaineann leis an gcion;

tá le "rialaitheoir sonraí" an bhrí atá leis sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;

ciallaíonn "dearbhú" dearbhú arna dhéanamh ag Measúnóir faoi *alt 17(4)* nó ag an gCúirt Chuarda faoi alt *24(6)(a),* de réir mar a bheidh, á rá gur sáraíodh nó nár sáraíodh ceart duine faoi *alt 11(1);*

folaíonn "doiciméad"—

(a) leabhar, taifead nó ábhar scríofa nó clóite eile,

(b) grianghraf,

(c) aon fhaisnéis a stóráiltear, a chothabháiltear nó a chaomhnaítear trí aon fheiste mheicniúil nó leictreonach, cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar í a stóráil, a chothabháil nó a chaomhnú i bhfoirm inléite, agus

(d) aon chlostaifeadadh nó fístaifeadadh;

ciallaíonn "an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine" an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine a bunaíodh faoi Airteagal 19 den Choinbhinsiún;

ciallaíonn "an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí" Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016[1] maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le

1 IO Uimh. L 119, 4.5.2016, lch. 1.

saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí);

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt;

ciallaíonn “páirtí”, i ndáil le himeachtaí—

(a) i gcás imeachtaí coiriúla, an cosantóir ar tionscnaíodh imeachtaí ina choinne nó ina coinne i leith an chiona lena mbaineann, agus

(b) i gcás aon imeachtaí eile, an gearánaí, an cosantóir, an t-iarratasóir nó an freagróir, de réir mar a bheidh, sna himeachtaí sin;

tá le “sonraí pearsanta” an bhrí atá leis sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;

tá le “abhcóide cleachtach” an bhrí atá leis in alt 2(1) d’Acht 2015;

tá le “aturnae cleachtach” an bhrí atá leis in alt 2(1) d’Acht 2015;

folaíonn “imeachtaí” aon chúis, caingean, agra, ní, achomharc nó iarratas in aon chúirt nó chun aon chúirte, agus folaíonn sé imeachtaí coiriúla;

tá le “próiseáil” an bhrí atá leis sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;

ciallaíonn “comhlacht poiblí”—

(a) Aire den Rialtas,

(b) údarás áitiúil, nó

(c) comhlacht (seachas cuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 nó cuideachta láithreach de réir bhrí an Achta sin) arna bhunú le haon achtachán nó faoi aon achtachán;

ciallaíonn “údarás iomchuí” comhlacht (seachas an tUachtarán nó an tOireachtas nó ceachtar Teach den Oireachtas nó Coiste de cheachtar Teach díobh sin nó Comhchoiste den dá Theach sin) a bhunaítear le dlí nó trína bhfeidhmítear aon cheann de chumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin nó breithiúnacha an Stáit;

ciallaíonn “imeachtaí iomchuí”, i ndáil le hiarratas ar mheasúnacht nó le hiarratas faoi *alt 24*, de réir mar a bheidh, imeachtaí lena mbaineann *alt 11* agus a maítear sárú ar an gceart faoi *alt 11(1)* ina leith;

ciallaíonn “ceart faoi *alt 11(1)*” an ceart dá dtagraítear in *alt 11(1)*;

tá le “earnálacha speisialta sonraí pearsanta” an bhrí atá leis in Acht 2018.

(2) San Acht seo, aon tagairt d’imeachtaí a thabhairt chun críche is tagairt í do dheireadh a bheith le himeachtaí nó do dheireadh a bheith curtha leo, lena n-áirítear i gcás go mbeidh an tréimhse chun achomharc a dhéanamh in aghaidh breith nó cinneadh sna himeachtaí sin dulta in éag gan aon achomharc den sórt sin a bheith déanta.

**Rialacháin**

**3.** (1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh maidir le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú.

(2) I gcás go ndéanfar, le foráil den Acht seo, a cheangal ar an Aire, nó a údarú dó nó di, rialacháin a dhéanamh—

(a) féadfar foráil éagsúil a dhéanamh leis na rialacháin sin maidir le himthosca nó cásanna, aicmí nó cineálacha éagsúla, agus

(b) féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith sna rialacháin sin is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(3) Déanfar gach rialachán a dhéanfaidh an tAire faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar de na Tithe sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

**Caiteachais**

**4.** Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

## CUID 2

### An Príomh-mheasúnóir agus Measúnóirí a Cheapadh

**An Príomh-Mheasúnóir agus Measúnóirí a cheapadh**

**5.** (1) Ceapfaidh an tAire—

(a) duine (dá ngairtear an "Príomh-Mheasúnóir" san Acht seo) chun bheith ina Phríomh-Mheasúnóir Moilleanna Cúirte nó ina Príomh-Mheasúnóir Moilleanna Cúirte, agus

(b) cibé daoine agus cibé líon daoine (a ngairfear "Measúnóir" de gach duine acu san Acht seo) is cuí leis an Aire chun bheith ina Measúnóirí Moilleanna Cúirte.

(2) Beidh an Príomh-Mheasúnóir, ar dháta a cheaptha nó a ceaptha—

(a) ina bhreitheamh scortha nó ina breitheamh scortha den Chúirt Dúiche, den Chúirt Chuarda, den Ard-Chúirt, den Chúirt Achomhairc nó den Chúirt Uachtarach, nó

(b) ina abhcóide cleachtach nó ina habhcóide cleachtach, nó ina aturnae cleachtach nó ina haturnae cleachtach, a mbeidh seasamh 10 mbliana ar a laghad aige nó aici.

(3) Beidh gach Measúnóir, seachas an Príomh-Mheasúnóir, ar dháta a cheaptha nó a ceaptha—

(a) ina bhreitheamh scortha nó ina breitheamh scortha den Chúirt Dúiche, den Chúirt Chuarda, den Ard-Chúirt, den Chúirt Achomhairc nó den Chúirt Uachtarach, nó

(b) ina abhcóide cleachtach nó ina habhcóide cleachtach, nó ina aturnae cleachtach nó ina haturnae cleachtach, a mbeidh seasamh 5 mbliana ar a laghad aige nó aici.

(4) Faoi réir an Achta seo, beidh Measúnóir a cheapfar faoin Acht seo neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna dó nó di.

(5) Folaíonn tagairt san Acht seo do Mheasúnóir tagairt don Phríomh-Mheasúnóir.

**Téarma ceapacháin Measúnóirí**

**6.** (1) Faoi réir an Achta seo, sealbhóidh Measúnóir oifig ar feadh 5 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha.

(2) Beidh Measúnóir a rachaidh a théarma oifige nó a téarma oifige in éag le himeacht aimsire in-athcheaptha mar Mheasúnóir.

(3) Íocfar leis an bPríomh-Mheasúnóir agus le gach duine de na Measúnóirí cibé luach saothair (más ann) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(4) Beidh an Príomh-Mheasúnóir agus gach duine de na Measúnóirí faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, agus íocfar leis nó léi cibé liúntais i leith caiteachas, a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

**Measúnóir d'éirí as oifig, a chur as oifig, a dhícháiliú chun oifig a shealbhú, a bheith neamh-incháilithe le haghaidh oifige**

**7.** (1) Féadfaidh Measúnóir éirí as oifig aon tráth trí fhógra i scríbhinn i dtaobh é nó í a bheith ag éirí as a thabhairt don Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ar cibé dáta a shonrófar san fhógra.

(2) Féadfaidh an tAire Measúnóir a chur as oifig aon tráth ar chúiseanna sonraithe, más deimhin leis an Aire maidir leis an Measúnóir—

(a) go bhfuil sé nó sí tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh,

(b) gur mhí-iompair sé é féin nó sí í féin mar a bheidh sonraithe, nó

(c) go bhfuil sé nó sí, ar shlí eile, neamhfheidhmiúil chun oifig a shealbhú nó neamhábalta feidhmeanna na hoifige a chomhall.

(3) Scoirfidh Measúnóir de bheith cáilithe le haghaidh oifige mar Mheasúnóir agus scoirfidh sé nó sí den oifig sin a shealbhú, más rud é—

(a) go gciontófar é nó í, ar díotáil, i gcion,

(b) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht,

(c) go ngearrfaidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi,

(d) i gcás duine a bhí, ar dháta a cheaptha nó a ceaptha mar Mheasúnóir, ina abhcóide cleachtach nó ina habhcóide cleachtach, go mbainfear a ainm nó a hainm de rolla na n-abhcóidí cleachtacha (de réir bhrí alt 2(1) d'Acht 2015), nó

(e) i gcás duine a bhí, ar dháta a cheaptha nó a ceaptha mar Mheasúnóir, ina aturnae cleachtach nó ina haturnae cleachtach, go mbainfear a ainm nó a hainm de rolla na n-aturnaetha (de réir bhrí alt 9 den Acht Aturnaetha, 1954).

(4) I gcás, maidir le Measúnóir—

(a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa,

(c) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa,

(d) go ndéanfar é nó í a thoghadh nó a chomhthoghadh mar chomhalta d'údarás áitiúil, nó

(e) go gceapfar é nó í chun bheith ina bhreitheamh nó ina breitheamh,

scoirfidh sé nó sí air sin d'oifig a shealbhú mar Mheasúnóir.

(5) Maidir le duine atá, de thuras na huaire—

(a) i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin,

(b) ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó

(c) i dteideal faoi bhuan-orduithe údaráis áitiúil suí mar chomhalta de,

beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, de réir mar a bheidh, dícháilithe chun oifig a shealbhú mar Mheasúnóir.

(6) (a) I gcás go bhfaighidh Measúnóir bás, go n-éireoidh sé nó sí as, go scoirfidh sé nó sí de bheith cáilithe le haghaidh oifige, go scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú nó go gcuirfear as oifig é nó í, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina Mheasúnóir nó ina Measúnóir chun an corrfholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh ar an modh céanna ar ceapadh an Measúnóir ba chúis leis an gcorrfholúntas.

(b) Beidh duine a cheapfar chun bheith ina Mheasúnóir nó ina Measúnóir de bhun *mhír (a)* i seilbh oifige ar feadh na tréimhse sin de théarma oifige an Mheasúnóra ba chúis leis an gcorrfholúntas lena mbaineann a bheidh gan chaitheamh ar dháta a cheaptha nó a ceaptha agus beidh sé nó sí in-athcheaptha mar Mheasúnóir ar dhul in éag don tréimhse sin.

**Dliteanas Measúnóirí**

**8.** Ní bheidh Measúnóir faoi dhliteanas maidir le damáistí i leith aon ghníomh a rinne sé nó sí nó a d'fhág sé nó sí gan déanamh i gcomhlíonadh, nó i gcomhlíonadh airbheartaithe, a

fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo, mura rud é gur de mheon mímhacánta a rinneadh an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann.

**Oifigigh shainainmnithe**

**9.** (1) Féadfaidh an tAire cibé oifigigh, agus cibé líon oifigeach, dá chuid nó dá cuid a shainainmniú a mheasfaidh sé nó sí is gá chun cabhrú le Measúnóirí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna.

(2) Comhlíonfaidh na hoifigigh a shainainmneofar faoi *fho-alt (1)* a bhfeidhmeanna faoi stiúradh agus rialú an Phríomh-Mheasúnóra.

**Feidhmeanna an Phríomh-Mheasúnóra**

**10.** (1) Beidh ag an bPríomh-Mheasúnóir na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a chumasú—

(a) dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna, lena n-áirítear a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar Mheasúnóir, a chomhlíonadh, agus

(b) do Mheasúnóir eile a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Faoi réir *fho-alt (5)*, déanfaidh an Príomh-Mheasúnóir, tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain agus tar éis dul i gcomhairle le gach Measúnóir a mbeidh iarratas ar mheasúnacht sannta dó nó di faoi *alt 13(1)* le linn na bliana díreach roimhe sin, tuarascáil i scríbhinn maidir le gníomhaíochtaí na Measúnóirí le linn na bliana díreach roimhe sin a chur faoi bhráid an Aire.

(3) Áireofar i dtuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* faisnéis i dtaobh chomhlíonadh fheidhmeanna an Phríomh-Mheasúnóra agus na Measúnóirí le linn na tréimhse lena mbainfidh sí agus cibé faisnéis eile, i cibé foirm, is cuí leis an bPríomh-Mheasúnóir.

(4) Soláthróidh Measúnóir cibé faisnéis maidir lena ghníomhaíochtaí nó lena gníomhaíochtaí a theastóidh ón bPríomh-Mheasúnóir d'fhonn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhall faoin alt seo.

(5) Dá mba rud é, murach an fo-alt seo, go mbainfeadh an chéad tuarascáil faoin alt seo le tréimhse ba ghiorra ná 6 mhí, bainfidh an tuarascáil leis an tréimhse sin agus leis an mbliain díreach i ndiaidh na tréimhse sin agus tabharfar í a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na bliana sin.

(6) Cuirfidh an tAire faoi deara go ndéanfar tuarascáil arna cur faoina bhráid nó faoina bráid de réir an ailt seo a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Aire nó thar ceann an Aire a luaithe is indéanta tar éis an tuarascáil a chur faoina bhráid nó faoina bráid.

(7) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)* agus faoi réir *fho-alt (8)*, féadfaidh an Príomh-Mheasúnóir cruinniú a ghairm ó am go ham le Measúnóir nó Measúnóirí chun nithe a phlé a bhaineann leis an Measúnóir nó na Measúnóirí do dhéanamh measúnachtaí, lena n-áirítear, go háirithe, neamhionannais mhíchuí a sheachaint le linn measúnachtaí a dhéanamh.

(8) I gcás go mbeidh Measúnóir amháin ar a laghad, seachas an Príomh-Mheasúnóir, arna cheapadh nó arna ceapadh, déanfaidh an Príomh-Mheasúnóir cruinniú de na

Measúnóirí a ghairm uair sa bhliain ar a laghad chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Measúnóirí do dhéanamh measúnachtaí agus chun aon chríche eile is dóigh leis an bPríomh-Mheasúnóir is iomchuí.

## CUID 3

### An Ceart go nDéanfar Imeachtaí a Thabhairt chun Críche Laistigh de Thréimhse Ama Réasúnach

**An ceart go ndéanfar imeachtaí a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach**

**11.** (1) Tá sé de cheart ag duine atá nó a bhí ina pháirtí nó ina páirtí in imeachtaí lena mbaineann an t-alt seo go dtabharfar na himeachtaí sin chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo—

(a) maidir le himeachtaí—

(i) a tugadh chun críche sa tréimhse 6 mhí roimh dháta theacht i ngníomh an fho-ailt seo, nó

(ii) a tionscnaíodh roimh dháta theacht i ngníomh an fho-ailt seo agus nár tugadh chun críche faoin dáta sin,

nó

(b) maidir le himeachtaí a thionscnófar ar dháta theacht i ngníomh an fho-ailt seo nó dá éis.

(3) Maidir le duine ar sáraíodh a cheart nó a ceart faoi *fho-alt (1),* beidh sé nó sí i dteideal, de réir an Achta seo—

(a) dearbhú faoi *alt 17(4)(a)* nó *alt 24(6)(a)(i)* a fháil á rá gur sáraíodh an ceart sin, agus

(b) i gcás feidhm a bheith ag *alt 17(5)(b)* nó *alt 24(6)(b)(ii),* go n-íocfar cúiteamh leis nó léi as an sárú sin.

(4) Le linn cinneadh á dhéanamh chun críocha an Achta seo i dtaobh ar sáraíodh ceart duine faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an Measúnóir nó an Chúirt Chuarda, de réir mar a bheidh, na nithe seo a leanas a chur i gcuntas go cuí:

(a) i ndáil leis na himeachtaí lena mbaineann—

(i) a gcastacht agus a bhfad,

(ii) fad na moille ar iad a thabhairt chun críche arna mhaíomh ag an duine,

(iii) na saincheisteanna atá i gceist do gach ceann de na páirtithe agus an éifeacht is dóigh a bheadh ar na páirtithe le moill ar na himeachtaí a thabhairt chun críche, agus

(iv) iompar na ndaoine seo a leanas—

(I) an duine,

(II) an páirtí eile nó na páirtithe eile sna himeachtaí, agus

(III) aon duine eile atá faoi oibleagáid feidhm a chomhlíonadh i ndáil leis na himeachtaí sin;

(b) na bearta (más ann) a rinne an duine chun leas a bhaint as cibé modhanna nó sásraí a bhí nó atá ar fáil dó nó di chun tabhairt chun críche na n-imeachtaí a éascú laistigh de thréimhse ama réasúnach;

(c) na prionsabail atá leagtha síos maidir le sárú ar an gceart go ndéanfar imeachtaí a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach—

(i) in aon dearbhú, breith, tuairim chomhairleach nó breithiúnas ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, agus

(ii) in aon bhreith ón Ard-Chúirt, ón gCúirt Achomhairc nó ón gCúirt Uachtarach;

(d) cibé faisnéis eile is iomchuí maidir leis na himeachtaí agus a dtabhairt chun críche is cuí leis an Measúnóir nó leis an gCúirt Chuarda, de réir mar a bheidh.

## CUID 4

### Measúnacht, Measúnacht a Ghlacadh, Údaruithe, etc.

**Iarratas ar mheasúnacht i ndáil le sárú ar an gceart go ndéanfar imeachtaí a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach**

**12.** (1) Faoi réir *alt 15(7)*, maidir le duine a mheasann gur sáraíodh a cheart nó a ceart faoi *alt 11(1)*, féadfaidh sé nó sí, de réir na Coda seo, iarratas (dá ngairtear "iarratas ar mheasúnacht" san Acht seo) a dhéanamh chuig an bPríomh-Mheasúnóir—

(a) ar mheasúnacht i dtaobh ar sáraíodh ceart an duine faoi *alt 11(1)* amhlaidh,

(b) ar dhearbhú faoi *alt 17(4)(a)* gur tharla sárú ar cheart an duine faoi *alt 11(1),* agus

(c) i gcás gurb infheidhme, ar chúiteamh de réir na Coda seo.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, ní ceadmhach iarratas ar mheasúnacht a dhéanamh ach amháin—

(a) i gcás nach bhfuil na himeachtaí iomchuí lena mbaineann tugtha chun críche, nó

(b) i gcás go bhfuil na himeachtaí iomchuí lena mbaineann tugtha chun críche, laistigh de 6 mhí ón dáta a tugadh na himeachtaí sin chun críche.

(3) I gcás go mbeidh na himeachtaí iomchuí lena mbaineann tugtha chun críche sa tréimhse 6 mhí roimh dháta theacht i ngníomh an fho-ailt seo, féadfar iarratas ar mheasúnacht i leith na n-imeachtaí sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dháta theacht i ngníomh an fho-ailt seo.

(4) Maidir le hiarratas ar mheasúnacht—

(a) beidh sé i cibé foirm,

(b) beidh cibé faisnéis ann, agus

(c) beidh ag gabháil leis—

(i) cibé doiciméid, agus

(ii) cibé táille, más ann,

a chinnfidh an tAire.

(5) Déanfaidh an tAire socrú chun na nithe seo a leanas a chur ar fáil go leictreonach ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Aire nó thar ceann an Aire:

(a) an fhoirm iarratais ar mheasúnacht dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)*;

(b) ráiteas—

(i) faoin bhfaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(b)*,

(ii) faoi na doiciméid dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(c)(i),* agus

(iii) faoin táille dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(c)(ii).*

**Iarratas ar mheasúnacht a shannadh**

**13.** (1) A luaithe is indéanta tar éis don Phríomh-Mheasúnóir iarratas ar mheasúnacht a fháil, sannfaidh sé nó sí an t-iarratas do Mheasúnóir chun measúnacht a dhéanamh ar an iarratas lena mbaineann.

(2) Déanfaidh Measúnóir, a luaithe is indéanta tar éis iarratas ar mheasúnacht a shannadh dó nó di de réir *fho-alt (1)*—

(a) an t-iarratas ar mheasúnacht a scrúdú d'fhonn measúnacht a dhéanamh, agus

(b) fógra á chur in iúl don Aire go ndearnadh an t-iarratas ar mheasúnacht, mar aon le cóip den iarratas sin, a chur chuig an Aire.

(3) Faoi réir an Achta seo, déanfaidh an tAire, i gcomhairle leis an bPríomh-Mheasúnóir, na nósanna imeachta a chinneadh maidir le measúnachtaí a dhéanamh faoin gCuid seo.

**An t-iarratasóir do tharraingt siar iarratas ar mheasúnacht**

**14.** (1) Féadfaidh iarratasóir a iarratas nó a hiarratas ar mheasúnacht a tharraingt siar trí fhógra i scríbhinn faoin tarraingt siar sin a chur chuig an bPríomh-Mheasúnóir tráth nach déanaí ná an dáta a rachaidh an tréimhse a shonraítear in *alt 18(1)(b)* in éag.

(2) I gcás go dtarraingeoidh iarratasóir a iarratas nó a hiarratas ar mheasúnacht siar de bhun *fho-alt (1)*—

(a) ní eiseofar údarú chuige nó chuici, ná

(b) ní dhámhfaidh an Measúnóir costais dó nó di faoi *alt 23* i leith an t-iarratas ar mheasúnacht a dhéanamh.

**Faisnéis bhreise a sholáthar don Mheasúnóir agus measúnacht a chur siar agus a scor**

**15.** (1) Féadfaidh Measúnóir, chun go ndéanfaidh sé nó sí a scrúdú ar iarratas ar mheasúnacht, a iarraidh ar an iarratasóir, trí fhógra i scríbhinn, na nithe seo a leanas a dhéanamh laistigh den tréimhse a shonrófar san fhógra—

(a) soiléiriú a thabhairt i scríbhinn i ndáil le haon fhaisnéis nó le haon doiciméad a bheidh curtha isteach leis an iarratas ar mheasúnacht lena mbaineann, nó

(b) tuilleadh faisnéise i scríbhinn nó doiciméid atá iomchuí maidir leis an iarratas ar mheasúnacht lena mbaineann a sholáthar.

(2) Féadfaidh an Measúnóir an tréimhse a shonrófar i bhfógra faoi *fho-alt (1)* a fhadú.

(3) I gcás go mainneoidh iarratasóir iarraidh faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama a shonrófar san fhógra faoin bhfo-alt sin nó arna fadú faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh an Measúnóir, má mheasann sé nó sí gur gá agus gur cuí déanamh amhlaidh—

(a) scrúdú breise aige nó aici ar an iarratas ar mheasúnacht a iarchur mura gcomhlíonfaidh an t-iarratasóir, agus go dtí go gcomhlíonfaidh an t-iarratasóir, an iarraidh lena mbaineann, agus

(b) fógra i scríbhinn a chur chuig an iarratasóir ina ndéanfar na nithe seo a leanas—

(i) a chur in iúl dó nó di go ndearnadh an scrúdú breise a iarchur,

(ii) a cheangal air nó uirthi an soiléiriú, an fhaisnéis nó an doiciméad lena mbaineann an iarraidh a sholáthar laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san fhógra, agus

(iii) éifeacht *fho-ailt (4)*, *(5)* agus *(6)* a chur in iúl dó nó di.

(4) Comhlíonfaidh iarratasóir ceanglas faoi *fho-alt (3)(b)(ii).*

(5) I gcás go ndéanfaidh Measúnóir a scrúdú breise ar iarratas ar mheasúnacht a iarchur faoi *fho-alt (3)(a),* ní atosóidh sé nó sí ar an iarratas a scrúdú ach amháin i gcás gur deimhin leis nó léi—

(a) gur chomhlíon an t-iarratasóir an ceanglas faoi *fho-alt (3)(b)(ii),* nó

(b) go mbeidh sé nó sí in ann measúnacht a dhéanamh gan an ceanglas a bheith comhlíonta ag an iarratasóir.

(6) I gcás—

(a) gur mhainnigh an t-iarratasóir, gan cúis réasúnach, an ceanglas faoi *fho-alt (3)(b)(ii)* a chomhlíonadh, agus

(b) gurb é tuairim an Mheasúnóra nach mbeidh sé nó sí in ann measúnacht a dhéanamh gan an ceanglas a bheith comhlíonta ag an iarratasóir,

maidir leis an Measúnóir—

(i) scoirfidh sé nó sí dá scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar mheasúnacht lena mbaineann,

(ii) ní dhéanfaidh sé nó sí dearbhú, cinneadh ná measúnacht faoi *alt 17*,

(iii) ní eiseoidh sé nó sí údarú faoi *alt 20*, agus

(iv) tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis scor dá scrúdú ar an iarratas ar mheasúnacht faoi *fhomhír (i)*, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn don iarratasóir lena mbaineann agus don Aire i dtaobh an scoir agus i dtaobh na gcúiseanna a bhí leis.

(7) I gcás gur scoir Measúnóir, de réir *fho-alt (6)(i),* dá scrúdú ar iarratas ar mheasúnacht (dá ngairtear "an chéad iarratas ar mheasúnacht" san fho-alt seo), ní bheidh an t-iarratasóir lena mbaineann i dteideal iarratas eile ar mheasúnacht a dhéanamh i leith an tsáraithe líomhnaithe ar an gceart faoi *alt 11(1)* lena mbaineann an chéad iarratas ar mheasúnacht.

(8) Maidir leis an bhfaisnéis nó leis na doiciméid dá dtagraítear san alt seo agus in *alt 16*, féadfaidh faisnéis nó doiciméid a tháinig chun bheith ann, nó a tháinig i seilbh an duine ar a n-iarrtar nó ar a gceanglaítear an fhaisnéis nó na doiciméid a thabhairt, roimh dháta theacht i ngníomh an fho-ailt seo, a bheith ar áireamh inti nó iontu.

**Cumhacht an Mheasúnóra chun a cheangal ar thríú páirtithe faisnéis a sholáthar**

**16.** (1) Féadfaidh Measúnóir, trí fhógra i scríbhinn, chun críocha a scrúdaithe ar iarratas ar mheasúnacht, a cheangal ar aon duine seachas an t-iarratasóir, nó ar aon chomhlacht poiblí (seachas na Coimisinéirí Ioncaim), laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san fhógra—

(a) cibé faisnéis nó doiciméid a sholáthar don Mheasúnóir a bheidh sonraithe aige nó aici, ar faisnéis í nó ar doiciméid iad a bhfuil, ina thuairim nó ina tuairim, gá léi nó leo go réasúnach chun críocha a scrúdaithe ar an iarratas, nó

(b) fíorú a dhéanamh ar cibé faisnéis nó doiciméid a bheidh curtha isteach leis an iarratas, ar faisnéis í nó ar doiciméid iad a bheidh arna soláthar faoi *mhír (a)* nó de réir iarraidh nó ceanglas faoi *alt 15*, agus a bheidh sonraithe ag an Measúnóir.

(2) Maidir le duine nó comhlacht poiblí a ndíreofar fógra faoi *fho-alt (1)* chuige nó chuici, comhlíonfaidh sé nó sí ceanglas faoi *fho-alt (1)* laistigh den tréimhse ama a shonrófar san fhógra nó arna fadú faoi *fho-alt (3)*.

(3) Féadfaidh an Measúnóir an tréimhse a shonrófar i bhfógra faoi *fho-alt (1)* a fhadú.

(4) Ní cheanglófar le fógra faoi *fho-alt (1)* ar bhreitheamh, ar oifigeach cúirte ná ar an tSeirbhís Chúirteanna faisnéis i ndáil le comhlíonadh na feidhme breithiúnaí (lena n-áirítear breitheamh do bhainistiú na n-imeachtaí iomchuí lena mbaineann) a sholáthar.

(5) I gcás go mainneoidh duine ceanglas faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, rachaidh an Measúnóir ar aghaidh chun an mheasúnacht a dhéanamh d'éagmais an chomhlíonta sin agus beidh an mheasúnacht bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid a bheidh ar fáil dó nó di.

(6) Faoi réir *fho-ailt (7)* agus *(8)*, i gcás go ndéanfaidh duine, seachas comhlacht poiblí, ceanglas faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama a shonrófar san fhógra faoin bhfo-alt sin nó arna fadú faoi *fho-alt (3)*, féadfaidh Measúnóir, tráth nach déanaí ná 1 mhí tar éis an chomhlíonta sin, a threorú go n-íocfar leis an duine (dá ngairtear "duine iomchuí" san alt seo) cibé méid a mheasfaidh an Measúnóir a

bheith réasúnach i leith na gcostas arna dtabhú ag an duine iomchuí le linn dó nó di an ceanglas a chomhlíonadh.

(7) Ní áireofar sna costais a threorófar a íoc faoi *fho-alt (6)* aon mhéid a bhaineann le costais arna dtabhú ag an duine iomchuí i leith comhairle dlí a fuair sé nó sí i ndáil le ceanglas faoi *fho-alt (1)* nó i ndáil le ceanglas den sórt sin a chomhlíonadh.

(8) Féadfaidh an tAire ó am go ham treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint maidir le leibhéal na gcostas a threorófar a íoc faoi *fho-alt (6)* agus, má dhéanann an tAire amhlaidh, maidir le Measúnóir agus treorú á dhéanamh aige nó aici faoin bhfo-alt—

(a) déanfaidh an Measúnóir an treorú de réir na dtreoirlínte sin, agus

(b) ní threoróidh an Measúnóir go n-íocfar costais is mó ná cibé méid uasta costas (más ann) a threorófar a íoc agus a shonróidh an tAire sna treoirlínte.

(9) Déanfaidh an tAire treoirlínte arna n-ullmhú agus arna n-eisiúint aige nó aici faoi *fho-alt (8)* a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Aire nó thar ceann an Aire a luaithe is indéanta tar éis iad a eisiúint.

(10) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an dáta a threorófar costais (más ann) a íoc faoi *fho-alt (6)*, na costais sin a íoc leis an duine iomchuí.

**Measúnacht a dhéanamh**

**17.** (1) Faoi réir *fho-alt (2)* agus *ailt 15* agus *16*, déanfaidh Measúnóir measúnacht de réir an ailt seo a luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta a gheobhaidh an Príomh-Mheasúnóir iarratas ar mheasúnacht a bheidh sannta dó nó di de réir *alt 13(1)*.

(2) I gcás gurb é tuairim an Mheasúnóra nach féidir leis nó léi measúnacht a dhéanamh laistigh den tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, déanfaidh sé nó sí, roimh dheireadh na tréimhse sin, trí fhógra i scríbhinn—

(a) a thuairim nó a tuairim agus na cúiseanna atá léi a chur in iúl don iarratasóir agus don Aire, agus

(b) an dáta a shonrú, ar dáta é nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ar roimhe a dhéanfaidh an Measúnóir an mheasúnacht.

(3) D'fhonn measúnacht a dhéanamh, breithneoidh Measúnóir na nithe seo a leanas—

(a) an t-iarratas ar mheasúnacht agus an fhaisnéis agus na doiciméid uile a bheidh ag gabháil leis,

(b) aon soiléiriú, faisnéis nó doiciméad arna sholáthar nó arna soláthar de réir iarraidh faoi *alt 15(1)* nó ceanglas faoi *alt 15(3)(b)(ii)* nó *alt 16,* agus

(c) cibé faisnéis nó doiciméid eile, lena n-áirítear faisnéis nó doiciméid a bhaineann leis an iarratas ar mheasúnacht, a mheasfaidh sé nó sí is cuí.

(4) Tar éis do Mheasúnóir na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (3)* a bhreithniú, agus na nithe dá dtagraítear i *míreanna (a)* go *(d) d'alt 11(4)* á gcur i gcuntas aige nó aici go cuí*,*

déanfaidh sé nó sí dearbhú gurb amhlaidh, i ndáil leis na himeachtaí iomchuí is ábhar don iarratas—

(a) gur tharla sárú ar cheart an iarratasóra faoi *alt 11(1)*, nó

(b) nár tharla sárú ar cheart an iarratasóra faoi *alt 11(1)*.

(5) I gcás go ndéanfaidh Measúnóir dearbhú dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a),* cinnfidh sé nó sí—

(a) an bhfuil cúiteamh iníoctha leis an iarratasóir lena mbaineann de réir na Coda seo, agus

(b) más iníoctha amhlaidh, méid an chúitimh is iníoctha, arna ríomh de réir *fho-alt (6)*.

(6) Agus cinneadh á dhéanamh ag Measúnóir faoi *fho-alt (5)*—

(a) cuirfidh sé nó sí na nithe dá dtagraítear i *míreanna (a)* go *(d) d'alt 11(4)* i gcuntas go cuí, agus

(b) nuair a bheidh méid an chúitimh is iníoctha (más ann) á ríomh—

(i) déanfaidh sé nó sí amhlaidh faoi threoir agus ar bhonn na bprionsabal arna gcur chun feidhme ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, agus faoi threoir agus ar bhonn chleachtas na Cúirte sin agus faoi threoir agus ar bhonn na leibhéal cúitimh arna ndámhachtain ag an gCúirt sin, i mbreitheanna inar chinn sí gur tharla sárú ar cheart duine faoi Airteagal 6(1) den Choinbhinsiún go ndéanfar imeachtaí a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach agus, go háirithe, faoi threoir agus ar bhonn aon bhreith den sórt sin ina bhfuil fíorais agus imthosca an cháis lena mbaineann an bhreith inchomparáide, i dtuairim an Mheasúnóra, le fíorais agus imthosca na n-imeachtaí iomchuí lena mbaineann an t-iarratas ar mheasúnacht lena mbaineann, agus

(ii) tabharfaidh sé nó sí aird ar aon díobháil, caillteanas nó damáiste a bhain don iarratasóir arb é an sárú ar cheart an iarratasóra faoi *alt 11(1)* lena mbaineann an dearbhú faoi *fho-alt (4)(a)* ba chúis go díreach leis.

(7) Déanfaidh Measúnóir, tar éis dó nó di *fo-ailt (3)*, *(4)*, *(5)* agus *(6)* a chomhlíonadh, measúnacht i scríbhinn a ullmhú ina mbeidh na nithe seo a leanas:

(a) dearbhú faoi *fho-alt (4)*;

(b) cinneadh faoi *fho-alt (5)*, más infheidhme;

(c) na cúiseanna atá leis an dearbhú agus, i gcás gurb infheidhme, leis an gcinneadh;

(d) i gcás gur mhainnigh an t-iarratasóir iarraidh faoi *alt 15(1)* nó ceanglas faoi *alt 15(3)(b)(ii) a* chomhlíonadh, ráiteas ón Measúnóir i dtaobh na mainneachtana lena mbaineann;

(e) aon fhaisnéis eile is dóigh leis an Measúnóir is iomchuí maidir leis an measúnacht.

(8) San alt seo agus in *alt 24*, maidir le tagairt do "cúiteamh arna dhámhachtain ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine", is tagairt í don chúiteamh arna dhámhachtain

ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine agus sásamh cóir á thabhairt do pháirtí díobhálaithe de réir Airteagal 41 den Choinbhinsiún.

**Cóip den mheasúnacht a sholáthar don iarratasóir agus don Aire**

**18.** (1) Déanfaidh Measúnóir, a luaithe is indéanta tar éis measúnacht a ullmhú, na nithe seo a leanas a chur, nó a chur faoi deara iad a chur, chuig an iarratasóir agus chuig an Aire (a ngairfear an "faighteoir" de gach duine acu san fho-alt seo)—

(a) cóip den mheasúnacht, agus

(b) fógra i scríbhinn á iarraidh ar an bhfaighteoir a dhaingniú, i scríbhinn agus tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis dháta an fhógra—

(i) go nglacann sé nó sí leis an measúnacht, nó

(ii) nach nglacann sé nó sí leis an measúnacht.

(2) I gcás go mbeidh feidhm ag *alt 31(1)* nó *(2)* maidir le hiarratas ar mheasúnacht, áireofar san fhógra dá dtagraítear i *mír (b) d'fho-alt (1)* treorú don duine údaraithe lena mbaineann á rá leis nó léi—

(a) comhairle dlí a fháil ó dhuine atá neamhspleách air nó uirthi i dtaobh ar chóir glacadh leis an measúnacht, agus

(b) a dhaingniú don Mheasúnóir i scríbhinn go bhfuil an duine údaraithe tar éis an chomhairle dlí lena mbaineann a fháil.

**Neamhghlacadh measta, glacadh measta le measúnacht**

**19.** (1) I gcás nach mbeidh iarratasóir tar éis an daingniú arna iarraidh faoi *mhír (b) d'alt 18(1)* a sholáthar laistigh den tréimhse a shonraítear sa mhír sin, measfar nach bhfuil glactha aige nó aici leis an measúnacht lena mbaineann.

(2) I gcás nach mbeidh an tAire tar éis an daingniú arna iarraidh faoi *mhír (b) d'alt 18(1)* a sholáthar laistigh den tréimhse a shonraítear sa mhír sin, measfar go bhfuil glactha aige nó aici leis an measúnacht lena mbaineann.

**Iarratas faoi *alt 24* chun bheith údaraithe mura nglacfar le measúnacht**

**20.** (1) Déanfaidh Measúnóir, a luaithe is indéanta tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear i *mír (b) d'alt 18(1)*, údarú a eisiúint chuig an iarratasóir lena mbaineann i gcás go mbeidh feidhm ag ceachtar de na nithe seo a leanas nó acu araon:

(a) maidir leis an iarratasóir—

(i) go ndaingneoidh sé nó sí, de réir na míre sin, nach bhfuil sé nó sí ag glacadh leis an measúnacht lena mbaineann, nó

(ii) go measfar faoi *alt 19(1)* nach bhfuil glactha aige nó aici leis an measúnacht lena mbaineann;

(b) go ndaingneoidh an tAire, de réir na míre sin, nach bhfuil sé nó sí ag glacadh leis an measúnacht lena mbaineann.

(2) Tabharfar teideal, le húdarú faoin alt seo, don duine ar chuige nó chuici a eiseofar é chun iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda faoi *alt 24* i leith na n-imeachtaí iomchuí.

(3) I gcás go mbeidh feidhm ag *mír (a)* nó *(b) d'fho-alt (1)*, ní thiocfaidh measúnacht chun bheith ina ceangal ar an iarratasóir lena mbaineann ná ar an Aire.

**Imthosca ina dtiocfaidh measúnacht chun bheith ina ceangal**

**21.** (1) Tiocfaidh measúnacht, ar dhul in éag don tréimhse a shonraítear i *mír (b) d'alt 18(1)*, chun bheith ina ceangal ar an iarratasóir lena mbaineann agus ar an Aire i gcás—

(a) go mbeidh daingnithe ag an iarratasóir, de réir na míre sin, go bhfuil sé nó sí ag glacadh leis an measúnacht lena mbaineann, agus

(b) maidir leis an Aire—

(i) go mbeidh daingnithe aige nó aici, de réir na míre sin, go bhfuil sé nó sí ag glacadh leis an measúnacht lena mbaineann, nó

(ii) go measfar, faoi *alt 19(2)*, go bhfuil glactha aige nó aici leis an iarratas lena mbaineann.

(2) Déanfaidh Measúnóir, a luaithe is indéanta tar éis do mheasúnacht teacht chun bheith ina ceangal faoi *fho-alt (1)*, daingniú i scríbhinn ina thaobh sin a chur, nó a chur faoi deara é a chur, chuig an iarratasóir agus chuig an Aire.

**Cúiteamh a íoc i gcás measúnacht a bheith tagtha chun bheith ina ceangal**

**22.** I gcás go mbeidh measúnacht tagtha chun bheith ina ceangal de réir *alt 21(1)*, agus go n-áireofar sa mheasúnacht lena mbaineann cinneadh faoi *alt 17(5)* go bhfuil cúiteamh iníoctha le hiarratasóir, déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an mheasúnacht lena mbaineann chun bheith ina ceangal, cúiteamh den mhéid a shonróidh an Measúnóir de réir *alt 17(5)* a íoc leis an iarratasóir.

**Costais an iarratasóra i leith iarratas ar mheasúnacht a dhéanamh**

**23.** (1) Faoi réir *fho-alt (5)*, féadfaidh Measúnóir, tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear i *mír (b) d'alt 18(1)*, costais réasúnacha a dhámhachtain i bhfabhar iarratasóra i ndáil leis na costais arna dtabhú aige nó aici le linn iarratas ar mheasúnacht a dhéanamh, i gcás—

(a) go mbeidh dearbhú déanta ag an Measúnóir, de réir *alt 17(4)(a),* gur sáraíodh ceart an iarratasóra faoi *alt 11(1),* agus

(b) go mbeidh daingnithe ag an iarratasóir, de réir *alt 18(1)(b),* go bhfuil sé nó sí ag glacadh leis an measúnacht arna déanamh ag an Measúnóir faoin alt sin.

(2) I gcás go mbeidh feidhm ag *alt 18(2)* maidir le hiarratas ar mheasúnacht, féadfaidh Measúnóir, tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear i *mír (b) d'alt 18(1)*, costais réasúnacha a dhámhachtain i bhfabhar duine údaraithe i ndáil leis na costais arna dtabhú aige nó aici i leith na comhairle dlí a bheidh faighte aige nó aici de réir an fho-ailt sin.

(3) Féadfaidh an tAire ó am go ham treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint maidir le leibhéal na gcostas a fhéadfar a dhámhachtain faoi *fho-alt (1)* agus *(2)* agus, má dhéanann sé nó sí amhlaidh, maidir le Measúnóir, le linn don Mheasúnóir costais a dhámhachtain faoi cheachtar fo-alt—

(a) déanfaidh sé nó sí amhlaidh de réir na dtreoirlínte sin, agus

(b) ní dhámhfaidh sé nó sí costais de bhreis ar cibé méid uasta costas (más ann) is indámhachtana, faoi mar a bheidh sonraithe ag an Aire sna treoirlínte.

(4) Déanfaidh an tAire treoirlínte arna n-ullmhú agus arna n-eisiúint aige nó aici faoi *fho-alt (3)* a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Aire nó thar ceann an Aire a luaithe is indéanta tar éis iad a eisiúint.

(5) I gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt (1)* agus go mbeidh ráiteas dá dtagraítear in *alt 17(7) (d)* ar áireamh sa mheasúnacht, féadfaidh Measúnóir, ag féachaint don mhainneachtain sin agus do na himthosca iomchuí uile eile, a chinneadh nach ndéanfar aon chostais a dhámhachtain faoi *fho-alt (1).*

(6) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an mheasúnacht lena mbaineann chun bheith ina ceangal—

(a) aon chostais arna ndámhachtain faoi *fho-alt (1)* a íoc leis an iarratasóir, agus

(b) aon chostais arna ndámhachtain faoi *fho-alt (2)* a íoc leis an duine údaraithe.

## CUID 5

### Iarratas chun na Cúirte Cuarda ar Scór Údaraithe

**Iarratas chun na Cúirte Cuarda**

**24.** (1) Féadfaidh duine a mbeidh údarú eisithe chuige nó chuici (dá ngairtear “iarratasóir” sa Chuid seo), i leith na n-imeachtaí iomchuí lena mbaineann an t-údarú agus de réir an ailt seo, imeachtaí (dá ngairtear “iarratas” sa Chuid seo) a thionscnamh sa Chúirt Chuarda chun dearbhú faoi *fho-alt (6)(a)(i)* a fháil agus, más infheidhme, aon fhaoiseamh eile a fháil a shonraítear san fho-alt sin.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, déanfar iarratas faoin alt seo tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dháta eisithe an údaraithe.

(3) Féadfaidh an Chúirt Chuarda, más cuí léi déanamh amhlaidh ar mhaithe leis an gceartas, an tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a fhadú le hordú.

(4) Ní dhéanfar iarratas faoin alt seo ach amháin—

(a) in aghaidh na hÉireann,

(b) in aghaidh an Aire, agus

(c) d’ainneoin alt 100 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023, in aghaidh na Seirbhíse Cúirteanna.

(5) Ní ceadmhach aon chúirt ná aon bhreitheamh a uamadh in iarratas faoin alt seo.

(6) Maidir leis an gCúirt Chuarda, ar iarratas arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)* a éisteacht—

(a) faoi réir *fho-alt (7)*, déanfaidh sí dearbhú gurb amhlaidh, i ndáil leis na himeachtaí iomchuí is ábhar don iarratas—

(i) gur tharla sárú ar cheart an iarratasóra faoi *alt 11(1)*, nó

(ii) nár tharla sárú ar cheart an iarratasóra faoi *alt 11(1)*,

(b) faoi réir *fho-alt (8)*, i gcás go mbeidh dearbhú déanta ag an gCúirt faoi *mhír (a)(i),* déanfaidh sí na nithe seo a leanas a chinneadh—

(i) an amhlaidh go bhfuil cúiteamh iníoctha leis an iarratasóir, agus

(ii) má tá sé iníoctha amhlaidh, méid an chúitimh sin,

agus

(c) faoi réir *ailt 28* agus *29*—

(i) déanfaidh sí costais a dhámhachtain nó aon ordú eile lena ndéantar foráil maidir le costais a íoc leis an iarratasóir nó le freagróir nó leis na freagróirí, nó

(ii) ní dhéanfaidh sí aon ordú maidir le costais a íoc leis an iarratasóir nó le freagróir nó leis na freagróirí.

(7) Déanfaidh an Chúirt Chuarda dearbhú faoi *fho-alt (6)(a)* faoi threoir na nithe dá dtagraítear i *míreanna (a)* go *(d) d'alt 11(4).*

(8) Maidir leis an gCúirt Chuarda, le linn di a cinntí a dhéanamh faoi *fho-alt (6)(b)*—

(a) déanfaidh sí na nithe dá dtagraítear i *míreanna (a)* go *(d) d'alt 11(4)* a chur i gcuntas go cuí, agus

(b) le linn di méid an chúitimh is iníoctha (más ann) a ríomh—

(i) déanfaidh sí amhlaidh faoi threoir agus ar bhonn na bprionsabal arna gcur chun feidhme ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, agus faoi threoir agus ar bhonn chleachtas na Cúirte sin agus faoi threoir agus ar bhonn na leibhéal cúitimh arna ndámhachtain ag an gCúirt sin, i mbreitheanna inar chinn sí gur tharla sárú ar cheart duine faoi Airteagal 6(1) den Choinbhinsiún go ndéanfar imeachtaí a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach agus, go háirithe, faoi threoir agus ar bhonn aon bhreith den sórt sin ina bhfuil fíorais agus imthosca an cháis lena mbaineann an bhreith inchomparáide, i dtuairim na Cúirte Cuarda, le fíorais agus imthosca na n-imeachtaí iomchuí lena mbaineann an t-iarratas faoi *fho-alt (1)*, agus

(ii) tabharfaidh sí aird ar aon díobháil, caillteanas nó damáiste a bhain don iarratasóir arb é an sárú ar cheart an iarratasóra faoi *alt 11(1)* lena mbaineann dearbhú na Cúirte faoi *fho-alt (6)(a)* ba chúis go díreach leis.

(9) Maidir leis an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda leis an alt seo, féadfaidh breitheamh den Chúirt sin a bheidh sannta don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an iarratasóir, ina

seolann sé nó sí aon ghairm, aon ghnó nó aon slí bheatha nó ina bhfuil bunaíocht aige nó aici an dlínse sin a fheidhmiú.

(10) Aon teorainn airgeadaíochta le dlínse na Cúirte Cuarda chun cúiteamh a dhámhachtain i dtort a bheidh forordaithe le dlí de thuras na huaire, ní bheidh feidhm aici maidir le cinneadh faoi *fho-alt (6)(b)(ii).*

(11) Sa Chuid seo—

ciallaíonn "iarratasóir" duine a dhéanfaidh iarratas faoin alt seo;

ciallaíonn "freagróir" páirtí dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* ar freagróir é nó í in iarratas faoin alt seo.

**Ní dochar don iarratasóir ná don Aire glacadh nó glacadh measta measúnachta**

**25.** Faoi réir *alt 28*, ní ghlacfar na nithe seo a leanas i bhfianaise in iarratas faoi *alt 24* ná in achomharc faoi *alt 27* agus, i gcás an Aire, ní admháil shainráite nó intuigthe ar locht ná ar dhliteanas aige nó aici iad:

(a) an daingniú ó iarratasóir nó, de réir mar a bheidh, ón Aire, faoi *alt 18(1)(b),* go bhfuil sé nó sí ag glacadh le measúnacht;

(b) glacadh measta measúnachta ag an Aire faoi *alt 19(2)*.

**Measúnacht a bheith neamh-inghlactha i bhfianaise**

**26.** Faoi réir *alt 28*, maidir le measúnacht faoi *alt 17* i leith imeachtaí iomchuí—

(a) ní bheidh sí inghlactha i bhfianaise—

(i) in iarratas faoi *alt 24*, ná

(ii) in achomharc faoi *alt 27*,

i leith na n-imeachtaí iomchuí céanna sin, ná

(b) ní dhéanfar tagairt di in aon doiciméad tionscnaimh, pléadálacha, fógra nó mionnscríbhinn a bhaineann leis an iarratas nó leis an achomharc.

**Achomharc**

**27.** (1) Féadfaidh iarratasóir nó freagróir, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis dháta na breithe ón gCúirt Chuarda faoi *alt 24(6)*, achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí.

(2) Is breith chríochnaitheach breith ón Ard-Chúirt in achomharc faoi *fho-alt (1)* agus ní bheidh aon ábhar achomhairc eile ann i gcoinne ordú ón Ard-Chúirt arna dhéanamh ar achomharc faoin alt seo.

**Costais in iarratas faoi *alt 24* i gcás nach nglacfaidh an t-iarratasóir le measúnacht**

**28.** (1) I gcás go gcinnfidh an Chúirt Chuarda faoi *alt 24(6)(b)* go bhfuil méid cúitimh iníoctha leis an iarratasóir, agus nach mó an méid a chinnfear amhlaidh ná an méid cúitimh a chinnfear faoi *alt 17* a bheith iníoctha leis an iarratasóir i leith na n-imeachtaí iomchuí

céanna, féadfaidh an Chúirt, le linn di ordú a dhéanamh faoi *alt 24(6)(c),* ceachtar de na nithe seo a leanas, nó iad araon, a dhéanamh:

(a) gan aon ordú a dhéanamh i dtaobh costais a íoc leis an iarratasóir;

(b) a ordú don iarratasóir costais uile, nó cuid de chostais, duine amháin nó níos mó de na freagróirí a íoc.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* i gcás—

(a) go measfaidh an Chúirt Chuarda go bhfuil cúis mhaith ann gan an fo-alt a chur chun feidhme, nó

(b) maidir leis an measúnacht dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

(i) go mbeidh daingnithe ag an iarratasóir agus ag an Aire araon, faoi *alt 18(1)(b)(ii),* nach bhfuil sé nó sí ag glacadh leis an measúnacht lena mbaineann, nó

(ii) go measfar faoi *alt 19(2)* nach bhfuil glactha ag an Aire leis an measúnacht.

**Na costais a bhainfidh le hiarratas ar mheasúnacht**

**29.** I gcás—

(a) go ndéanfaidh an Chúirt Chuarda dearbhú faoi *alt 24(6)(a)(i),* agus

(b) nach ndearnadh, i ndáil lena iarratas ar mheasúnacht nó lena hiarratas ar mheasúnacht i leith na n-imeachtaí iomchuí céanna, costais a dhámhachtain don iarratasóir lena mbaineann faoi *alt 23(1)*,

féadfaidh an Chúirt, i gcás go ndéanfaidh sí ordú faoi *alt 24(6)(c)(i)* i bhfabhar iarratasóra, cibé méid a mheasfaidh an Chúirt a bheith réasúnach a áireamh i méid na gcostas a dhámhfar i leith aon chostais nó caiteachais arna dtabhú ag iarratasóir le linn dó nó di an t-iarratas ar mheasúnacht a dhéanamh.

**Cúiteamh a íoc**

**30.** I gcás go gcinnfidh an Chúirt Chuarda faoi *alt 24(6)(b)* go bhfuil cúiteamh iníoctha leis an iarratasóir lena mbaineann, déanfaidh an tAire—

(a) i gcás nach mbeidh aon achomharc déanta faoi *alt 27(1)*, cúiteamh den mhéid a chinnfidh an Chúirt a íoc leis an iarratasóir tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dháta an chinnidh, nó

(b) i gcás go mbeidh achomharc déanta faoi *alt 27(1),* agus go n-ordóidh an Ard-Chúirt go bhfuil cúiteamh iníoctha leis an iarratasóir, cúiteamh den mhéid a shonróidh an Chúirt sin a íoc leis an iarratasóir tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dháta na breithe ón gCúirt.

## CUID 6

### Ilghnéitheach

**Duine atá ag gníomhú thar ceann iarratasóra**

**31.** (1) I gcás nach mbeidh 18 mbliana d'aois slánaithe ag duine, féadfaidh na daoine seo a leanas iarratas ar mheasúnacht nó iarratas faoi *alt 24*, más infheidhme, a dhéanamh thar a cheann nó thar a ceann—

(a) a thuismitheoir nó a tuismitheoir nó a chaomhnóir nó a caomhnóir,

(b) a neaschara, nó

(c) duine atá *in loco parentis* dó nó di.

(2) I gcás go mbeidh 18 mbliana d'aois slánaithe ag duine agus, de dheasca breoiteachta nó míchumais, nach bhfuil ar a chumas nó ar a cumas iarratas ar mheasúnacht nó iarratas faoi *alt 24* a dhéanamh, de réir mar a bheidh, féadfaidh na daoine seo a leanas iarratas ar mheasúnacht nó iarratas faoi *alt 24*, más infheidhme, a dhéanamh thar a cheann nó thar a ceann—

(a) a choiste nó a coiste,

(b) i gcás gur deontóir cumhachta aturnae marthanaí é nó í, duine is deontaí na cumhachta aturnae marthanaí, nó

(c) aon duine eile a bheidh údaraithe nó ceaptha go cuí chun gníomhú thar a cheann nó thar a ceann.

(3) Aon duine a dhéanfaidh iarratas ar mheasúnacht nó iarratas faoi *alt 24* thar ceann duine eile, de réir *fho-alt (1)* nó *(2)*, féadfaidh sé nó sí leanúint de ghníomhú thar ceann an duine sin chun críocha an iarratais.

(4) Aon duine a dhéanfaidh iarratas ar mheasúnacht nó iarratas faoi *alt 24* thar ceann duine eile, de réir *fho-alt (1)* nó *(2)*, gairtear "duine údaraithe" de nó di san Acht seo.

**Feidhmeanna Measúnóra agus feidhmeanna breithiúnacha**

**32.** (1) Ní dhéanfar aon fheidhm a thabharfar do Mheasúnóir faoin Acht seo a fheidhmiú ar shlí a chuirfidh isteach ar stiúradh an chuid sin de ghnó na gcúirteanna a gceanglaítear le dlí go ndéanfaidh breitheamh amháin nó níos mó í nó go ndéanfar í os comhair breitheamh amháin nó níos mó, ná ar shlí a chuirfidh i gcoinne—

(a) neamhspleáchas breithimh le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna breithiúnacha a chomhlíonadh, nó

(b) neamhspleáchas duine seachas breitheamh le linn dó nó di feidhmeanna teoranta de chineál breithiúnach a thugtar don duine sin le dlí a chomhlíonadh.

(2) Ní oibreoidh aon ní san Acht seo chun difear a dhéanamh—

(a) do neamhspleáchas breithimh le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna breithiúnacha a chomhlíonadh, ná

(b) d’aon achtachán nó riail dlí a bhaineann le díolúine breithiúna ó agra.

(3) I *bhfo-alt (2)*, tá le “achtachán” an bhrí chéanna atá leis in alt 2(1) den Acht Léiriúcháin, 2005.

**Ní bheidh aon dliteanas ann ar thaobh an bhreithimh nó na cúirte as sárú ar cheart faoi *alt 11(1)***

**33.** Ní cinneadh dliteanais ar thaobh aon bhreithimh nó aon chúirte na nithe seo a leanas:

(a) dearbhú faoi *alt 17(4)(a)* gur sáraíodh ceart duine faoi *alt 11(1)*;

(b) dearbhú faoi *alt 24(6)(a)(i).*

**Urchosc ar imeachtaí i leith cúiteamh breise**

**34.** (1) I gcás go dtiocfaidh measúnacht chun bheith ina ceangal de réir *alt 21(1)*, is éard a bheidh i ndaingniú ag iarratasóir de réir *alt 18(1)(b)* go nglacann sé nó sí le measúnacht de chuid Measúnóra—

(a) cúiteamh iomlán as éileamh an iarratasóra ar shárú ar a cheart nó ar a ceart faoi *alt 11(1)* i leith na n-imeachtaí iomchuí lena mbaineann, agus

(b) comhaontú ag an iarratasóir—

(i) gan aon imeachtaí a thionscnamh, agus

(ii) scor d’aon imeachtaí eile arna dtionscnamh aige nó aici,

in aghaidh an Stáit nó in aghaidh údarás iomchuí, arb imeachtaí iad a eascraíonn as éileamh nár tugadh na himeachtaí iomchuí lena mbaineann chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach.

(2) Beidh éifeacht leis an gceart a bheidh ar teachtadh ag duine faoi *alt 11(1)*, i leith na n-imeachtaí lena mbaineann an t-alt sin, in ionad cheart an duine faoin dlí coiteann chun triail faoi luas réasúnach a fháil.

(3) I gcás go ndéanfaidh an Chúirt Chuarda, in iarratas faoi *alt 24*, breith faoi *fho-alt (6)* den alt sin a thabhairt—

(a) ní bheidh aon cheart caingne a thuilleadh ag an iarratasóir lena mbaineann, is ceart a bheadh aige nó aici thairis sin in aghaidh an Stáit nó in aghaidh údarás iomchuí, ag eascairt as éileamh nár tugadh na himeachtaí iomchuí lena mbaineann chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach, agus

(b) scoirfidh an t-iarratasóir lena mbaineann d’aon imeachtaí eile arna dtionscnamh aige nó aici in aghaidh an Stáit nó in aghaidh údarás iomchuí, ag eascairt as éileamh nár tugadh na himeachtaí iomchuí lena mbaineann chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach.

(4) Ní ceadmhach aon imeachtaí, seachas na cinn sin dá bhforáiltear faoin Acht seo, a thionscnamh i leith sárú líomhnaithe ar an gceart faoi *alt 11(1)*.

**Sonraí pearsanta agus earnálacha speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil**

**35.** (1) Féadfaidh Measúnóir, i gcás gur gá agus gur comhréireach sin chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, sonraí pearsanta a phróiseáil, lena n-áirítear earnálacha speisialta sonraí pearsanta, de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus Acht 2018 agus aon rialacháin faoi *fho-alt (3)*.

(2) Chun críocha an Achta seo, sainainmnítear an Príomh-Mheasúnóir mar rialaitheoir sonraí i ndáil le sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag Measúnóir chun go gcomhlíonfaidh an Measúnóir a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo.

(3) Féadfaidh an tAire bearta oiriúnacha agus sonracha a fhorordú, lena n-áirítear bearta a shonraítear in alt 36(1) d'Acht 2018, ar bearta iad a bheidh le glacadh chun cearta agus saoirsí bunúsacha ábhar sonraí a chosaint le linn sonraí pearsanta, lena n-áirítear earnálacha speisialta sonraí pearsanta faoin Acht seo, a phróiseáil.

**Gan aon nochtadh a dhéanamh ar fhorais a bhaineann le pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil**

**36.** Ní oibreoidh aon ní san Acht seo chun iallach a chur ar dhuine aon fhaisnéis nó doiciméad a nochtadh a mbeadh an duine i dteideal diúltú í nó é a thabhairt ar aird ar fhorais a bhaineann le pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil.

**Forálacha idirthréimhseacha**

**37.** (1) I gcás go mbeidh imeachtaí lena mbaineann *fo-alt (2)* tionscanta ag duine roimh dháta theacht i ngníomh an ailt seo agus go mbeidh na himeachtaí sin ar marthain ar an dáta sin, ansin—

(a) leanfar de na himeachtaí sin agus ní rachaidh siad ar ceal mar gheall ar an teacht i ngníomh sin,

(b) ní ceadmhach don duine iarratas ar mheasúnacht a dhéanamh faoi *alt 12*, agus

(c) ní bheidh aon chúis chaingne ann faoi *alt 24*.

(2) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) imeachtaí i leith sárú ar cheart faoin dlí coiteann nó ar cheart bunreachtúil chun triail faoi luas réasúnach a fháil,

(b) imeachtaí faoi alt 3(2) den Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003 i leith sárú líomhnaithe ag an Stát ar a oibleagáidí faoi Airteagal 6(1) den Choinbhinsiún i ndáil le ceart duine go ndéanfar imeachtaí a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach, agus

(c) caingean mar gheall ar shárú ar an gceart go ndéanfar imeachtaí a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach, is cuma cén bonn dlithiúil ar a dtionscnaítear é.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€3.81

9 781399 340601